Topaic: An baile

Fothopaic: Obair tí

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Aoife Ní Chonchúir ag labhairt faoi obair tí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Réamhobair

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le hAoife Ní Chonchúir ag caint faoi obair tí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Spreag plé beag ar obair tí chun tuairim a fháil den mhéid atá ar eolas acu cheana féin.
- Scaip an bileog 'Obair tí: Stór Focal' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair chun na pictiúir agus na frásaí a cheangal. Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh said réidh agus cuir focail bhreise ar fáil, de réir mar is gá. Tá an bhéim ar an mbileog seo ar an ainm briathartha ('ag comhaireamh', 'ag iarnáil' etc.) – níl béim le cur ar an nginideach a leanann é!

Tasc samplach 2: Éisteacht

Scaip an bhileog 'Obair Tí: Éisteacht'. Seinn an mhír físe do na foghlaimeoirí. Tá sé tábhachtach nach mbeidís ag iarraidh gach focal a thuiscint – spreag iad le díriú ar éirim na míre seachas ar na focail. Cuir ag obair ar na tascanna iad agus ansin pléigh cad a bhí deacair / éasca faoi na tascanna.

Tasc samplach 3: Labhairt

Scaip an bhileog 'Ag Labhairt faoi Obair Tí'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna ag cleachtadh abairtí agus píosaí beaga cainte, bunaithe ar an méid atá cloiste agus foghlamtha acu go dtí seo. Ansin cuir ag siúl timpeall an ranga iad ag caint le foghlaimeoirí eile chun níos mó cleachtaidh a fháil.

Tasc samplach 4: Scríobh agus Labhairt

Scaip an bhileog 'Obair Tí: Ag Tabhairt Treoracha'. Cleachtadh scríofa agus cleachtadh cainte atá anseo. Tá nótaí le scríobh ar dtús, agus bunaithe ar na nótaí sin, tá glórphost le cumadh / le cleachtadh / le taifeadadh.

Obair Tí: Stór Focal

Ceangail na frásaí agus na pictiúir

<u>Ag comhaireamh</u> na leapa
<u>Ag iarnáil</u> na n-éadaí
<u>Ag ní</u> na ngréithe
<u>Ag scuabadh</u> an urláir
<u>Ag leagadh</u> an bhoird
<u>Ag ullmhú</u> an dinnéir
<u>Ag filleadh</u> na n-éadaí
<u>Ag bailiú</u> na bpáistí

Ag _____

Ag _____

Ag _____

Ag _____

Ag _____

Ag _____

Ag _____

Ag _____

Obair Tí: Éisteacht

(a) Éist le hAoife ag caint mar gheall ar an obair tí a dhéanann sí. An chéad uair a éisteann tú léi, déan nóta de na tascanna a chloiseann tú.

Nótaí

(b) An dara huair a éisteann tú léi, féach an féidir leat aon rud breise a chur le do liosta.

(c) Anois déan féin agus do pháirtí an tasc seo le chéile. Féachaigí ar na tascanna sa bhosca thíos. Pléigí iad agus ansin cuirigí √ leis na rudaí a dhéanann Aoife agus cuirigí X leis na rudaí <u>nach</u> ndéanann sí. Bígí cúramach mar níl siad in ord!

	√ nó X
Éadaí a ní	
An chistin a ghlanadh	
Fuinneoga a ní	
Béilí a réiteach	
Éadaí a fhilleadh	
An seomra folctha a ghlanadh	
Éadaí a iarnáil	
Garraíodóireacht	
Leanaí a ní!	
Leapacha a chomhaireamh	

Ag Labhairt faoi Obair Tí

(a) Déan iarracht abairtí a chumadh ag baint úsáide as na frásaí agus na focail thíos. Déan na habairtí a chleachtadh os ard le do pháirtí.





(b) Anois siúil timpeall an ranga agus labhair le daoine eile. Faigh amach cad iad na jabanna tí a thaitníonn / nach dtaitníonn leo.

Obair Tí: Ag Tabhairt Treoracha

(a) Tá tú ag dul as baile i gcomhair na hoíche. Tá treoracha le tabhairt do mhuintir an tí! Ní theastaíonn uait teacht abhaile agus an teach trína chéile! Scríobh nóta do na páistí. Tá Cormac dhá bhliain déag d'aois agus tá Caoimhe 10 mbliana d'aois.

Sampla:

Cormac
Líon an meaisín gréithe. Ullmhaigh do lón. Bailigh na bréagáin. Déan d'obair bhaile. Ná déan dearmad ar an mála snámha!





(b) Rinne tú dearmad treoracha a fhágáil do do pháirtí! Tá a lán le déanamh. Caithfidh tú glórphost a fhágáil dó/di. Déan an glórphost a chleachtadh agus más féidir, é a thaifeadadh.